Píopaí Uisce Nua

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoin scéim chun píopaí nua a leagan in áit na gcinn a phléasc le déanaí de bharr na droch-aimsire. Ag obair leis an duine in aice leat, pléigh na ceisteanna seo a leanas.

Céard atá ar eolas agat faoin damáiste a rinne an droch-aimsir do phíopaí na tíre?
An raibh tionchar ag an droch-aimsir ort féin?

Ceist 2 Déan iarracht na téarmaí Béarla ar chlé a mheaitseáil leis na téarmaí Gaeilge ar dheis.

1. Water Rates	a. Pléasc
2. Pipes	b. Córas
3. Authorities	c. Píopaí
4. Programme	d. Údaráis
5. System	e. Soláthar
6. Burst	f. Clár
7. Services	g. Táillí Uisce
8. Supply	h. Seirbhísí

1	2	3	4	5	6	7	8

Ceist 3 Féach ar an mír anois agus abair an bhfuil na habairtí thíos fíor nó bréagach

1. Tá breis agus leath den soláthar uisce ag dul amú i Ros Comáin.
   Fíor/Bréagach
2. Rinneadh athbhreithniú ar sheirbhísí uisce na tíre i mbliana.
   Fíor/Bréagach
3. Fógróidh an Roinn Comhshaoil na háiteanna a chaithfear an t-airgead ag deireadh mhí Feabhra.
   Fíor/Bréagach
4. Meastar nach dtosófar ag gearradh táillí uisce ar áitritheoirí tí an bhliain seo chugainn.
   Fíor/Bréagach
5. Tuigtear go ngearrfar thart ar chéad seachtó cúig euro sa bhliain ar dhaoine.
   Fíor/Bréagach

Ceist 4 **a. '***Úsáidfear an* ***t-airgead****...'*

Cén fáth a chuirtear 't' roimh "airgead" nuair a úsáidtear an t-alt?

Anois déan iarracht an t-alt a chur roimh na hainmfhocail seo agus cuir isteach an 't' más gá.

1. Úll
2. Othar
3. Éadan
4. Áiléar
5. Íocaíocht
6. Arm
7. Eala
8. Íochtar
9. Ollmhargadh
10. Údarás

b. '...deireadh mhí Feabhra'
Déan iarracht na míonna thíos a scríobh i gceart ag cur 'mí' ar dtús. Tá Feabhra agus Márta déanta duit, cheana.

Eanáir	
Feabhra	**Mí Feabhra**
Márta	**Mí an Mhárta**
Aibreán	
Bealtaine	
Meitheamh	
Iúil	
Lúnasa	
Meán Fómhair	
Deireadh Fómhair	
Samhain	
Nollaig	

Ceist 5 Déan iarracht na téarmaí ar chlé a mheaitseáil leis an sainmhíniú ceart ar dheis.

1. Breis	a. As seo amach
2. Ceantair	b. Scéim
3. Clár	c. An bhliain seo caite
4. Feasta	d. Tús áite
5. Tosaíocht	e. Nios mó ná
6. Anuraidh	f. Áiteanna

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó mar ghrúpa.

1. An bhfuil tuairim agat cé mhéad de dhromchla an Domhain atá clúdaithe le huisce?
2. Cé mhéad uisce atá sa chorp daonna ?
3. Cé mhéad lítear uisce a mholtar don duine ól gach lá?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8
g	**c**	**d**	**f**	**b**	**a**	**h**	**e**

Ceist 3

1. Tá breis agus leath den soláthar uisce ag dul amú i Ros Comáin.
   Fíor/Bréagach
2. Rinneadh athbhreithniú ar sheirbhísí uisce na tíre i mbliana.
   Fíor/**Bréagach**
3. Fógróidh an Roinn Comhshaoil na háiteanna a chaithfear an t-airgead ag deireadh mhí Feabhra.
   Fíor/Bréagach
4. Meastar nach dtosófar ag gearradh táillí uisce ar áitritheoirí tí an bhliain seo chugainn.
   Fíor/**Bréagach**
5. Tuigtear go ngearrfar thart ar chéad seachtó cúig euro sa bhliain ar dhaoine.
   Fíor/Bréagach

Ceist 4 **a.** Cuirtear ‘t’ roimh airgead nuair a úsáidtear an t-alt mar gheall gur ainmfhocal firinscneach é.

1. An t-úll
2. An t-othar
3. An t-éadan
4. An t-áiléar
5. An Íocaíocht
6. An tArm
7. An eala
8. An t-íochtar
9. An t-ollmhargadh
10. An t-údarás

b.

Eanáir	**Mí Eanáir**
Feabhra	**Mí Feabhra**
Márta	**Mí an Mhárta**
Aibreán	**Mí an Aibreáin**
Bealtaine	**Mí na Bealtaine**
Meitheamh	**Mí an Mheithimh**
Iúil	**Mí Iúil**
Lúnasa	**Mí Lúnasa**
Meán Fómhair	**Mí Mheán Fómhair**
Deireadh Fómhair	**Mí Dheireadh Fómhair**
Samhain	**Mí na Samhna**
Nollaig	**Mí na Nollag**

Ceist 5

1. Breis	**e. Níos mó ná**
2. Ceantair	**f. Áiteanna**
3. Clár	**b. Scéim**
4. Feasta	**a. As seo amach**
5. Tosaíocht	**d. Tús áite**
6. Anuraidh	**c. An bhliain seo caite**

Ceist 6

1. 71%
2. 55%-78%
3. 6-8 lítear

Eimear Ní Chonaola
Fáilte ar ais go Nuacht TG4. Caithfear trí chead milliún euro thar thréimhse trí bliana ar phíopaí nua uisce a leagan in áit na gcinn a phléasc le linn na drochaimsire. Dúirt an tAire Comhshaoil John Gormley nach bhfuil sé inghlactha go mbeadh leath den soláthar uisce ag dul amú i roinnt contaetha de bharr seanphíopaí lochtacha.Contae Ros Comáin agus Cathair Chorcaí is measa atá, áit a bhfuil breis is leath den uisce sna ceantair[1] sin ag dul le fán
Seo í Irene Ní Nualláin

Irene Ní Nualláin
Rinneadh athbhreithniú ar sheirbhísí uisce na tíre anuraidh. Dúirt an tAire Comhshaoil John Gormley ag an am, nach raibh sé den tuairim go raibh an Roinn ag fáil luach a cuid airgid ón gclár. Ag an am bhí sé ag iarraidh tosaíocht a thabhairt do scéimeanna píopaí nua a chur isteach in áit na seanphíopaí lochtacha[2]. D'fhógair sé inniu go bhfuil trí chéad milliún euro le cur ar fáil don chóras píopaí uisce leis an athbhreithniú seo. Tá na hÚdaráis áitiúla i mbun plean caomhnaithe[3] uisce a chur le chéile. Dáilfear an t-airgead seo de réir tosaíochta agus fógróidh an Roinn Comhshaoil na háiteanna[4] go mbeidh an t-airgead seo á chaitheamh ag deireadh mhí Feabhra
Úsáidfear an t-airgead le bainistiú a dhéanamh ar uisce píopaí nua le nach mbeidh seanphíopaí ag sceitheadh uisce feasta. Mhéadaigh buiséad uisce an rialtais ó chúig[5] chéad milliún euro anuraidh go cúig chéad is a hocht milliún i mbliana. Chomh maith leis an obair dheisiúchán seo tosófar ar mhéadair uisce a úsáid. Cosnaíonn córas uisce na tíre billiún euro gach uile[6] bhliain. Bailítear aon cheathrú milliún euro ó tháillí[7] uisce a ghearrtar ar lucht gnó. Meastar go dtosófar ag gearradh táillí uisce ar áitritheoirí tí an bhliain seo chugainn. Tuigtear go ngearrfar thart ar chéad seachtó cúig euro sa bhliain[8] ar dhaoine gus go méadófar an tsuim anois de réir úsáide.
Irene Ní Nualláín, Nuacht TG4, Baile Átha Cliath

[1] Ceantracha a deirtear
[2] Lochtach a deirtear
[3] chaomhnú deirtear
[4] Na háiteacha a deirtear
[5] Ó cúig a deirtear
[6] Chuile a deirtear
[7] Ó táillí a deirtear
[8] Sa mbliain a deirtear